# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2019

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Teicneolaíocht

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

2019065LG1EL

*Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2019*

# *Teicneolaíocht*

## *Gnáthleibhéal*

# *Scéim Mharcála*

## *Roinn A - Croíchúrsa* *(72 marc)*

***Treoracha:***

*(a)* *Freagair **naoi gceist ar bith** sna spásanna atá ann dóibh.*
*Tá 8 marc ag gabháil le gach ceist i Roinn A*

## Roinn A. Freagair **naoi** gceist **ar bith**. Tá 8 marc ag gabháil le gach ceist.

**1.** Taispeántar sa ghrafaic comhartha sábháilteachta a bhíonn le feiceáil go minic i seomraí ranga Teicneolaíochta.



(i) Luaigh brí an chomhartha sábháilteachta sin.

**Ní mór don úsáideoir cluaschosaint a chaitheamh.**

(ii) Déantar comharthaí sábháilteachta a rangú de réir datha. Mínigh cad is brí le comharthaí sábháilteachta a bhfuil dath **gorm** orthu.

**Léiríonn comhartha sábháilteachta gorm gur treoir éigeantach é.**

*(4 + 4 mharc)*

**2.** Cuireann teastas BER (Rátáil Fuinnimh Foirgnimh) feidhmíocht fuinnimh i dteach cónaithe in iúl.




(i) Luaigh dhá bhuntáiste a bhaineann le teach cónaithe a bhfuil rátáil 'A' aige.

1. **Costais leanúnacha fuinnimh níos ísle.**

2. **Níos fearr don chomhshaol,**
   **luach margaidh níos airde don teach, etc.**

(ii) Déan cur síos ar bhealach amháin a bhféadfaí BER i seanteach cónaithe a fheabhsú.

**Insliú sa teach a mhéadú, fuinneoga agus doirse a uasghrádú,**
**córais/rialú téimh a uasghrádú, etc.**

*(4 + 4 mharc)*

**3.** Taispeántar san íomhá tionscadal atá déanta as aicrileach *Beo-Imeall (Live Edge)* nó *Solastiomsúcháin (Light Gathering)*.



(i) Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann leis an gcineál sin aicriligh a usáid chun an tionscadal sin a mhonarú.

**Ligeann an t-ábhar don solas próifíl imill**
**an tionscadail a fheabhsú**

(ii) Luaigh **dhá** phróiseas a dhéantar le linn do bhailchríoch a bheith á cur ar imeall leatháin aicriligh a gearradh le sábh.

1. **Traslíomhadh/líomhadh tarraingthe**
2. **Snasú, etc.**

*(4 + 4 mharc)*

**4.** I gcás déantóirí gluaisteán, is iad na gluaisteáin uathrialaitheacha (gan tiománaí) a mhúnlóidh a gcuid straitéisí déantúsaíochta sa todhchaí.




(i) Luaigh **dhá** chúis a bhfuil déantóirí gluaisteán ag forbairt gluaisteáin uathrialaitheacha.

**1. Sábháilteacht paisinéirí**
**2. Dul chun cinn teicneolaíochta, margaíocht, etc.**

(ii) Luaigh dul chun cinn teicneolaíochta **amháin** a chuireann ar a gcumas na ndéantóirí gluaisteáin uathrialaitheacha a fhorbairt.

**Déanann braiteoirí radair monatóireacht ar ghluaisteáin eile in aice láimhe, GPS, físcheamaraí, córais ríomhaireachta ar bord, etc.**

*(4 + 4 mharc)*

**5.** Ar an 6 Meán Fómhair 2018, cuireadh tús leis an Walney Extension, an fheirm ghaoithe amach ón gcósta is mó ar domhan, a bhfuil achar 145 km2 agus 87 tuirbín inti.



(i) Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le feirmeacha gaoithe amach ón gcósta. **Ní chuireann siad isteach chomh mór céanna ar phobail, go ginearálta is féidir luasanna gaoithe níos mó a bhaint amach, etc.**

(ii) Luaigh **dhá** thiontú fuinnimh a tharlaíonn i dtuirbín gaoithe.


Tiontú 1: **Fuinneamh**

Tiontú 2: **Fuinneamh meicniúil ina**

*(4 + 4 mharc)*

**6.** Taispeántar sa ghrafaic meicníocht a bhfuil dhá chuid inti ar a bhfuil na lipéid **A** agus **B.**

(i) Ainmnigh comhbhall **A** agus comhbhall **B.**




Comhbhall **A**: **Raicín**

Comhbhall **B**: **Ceapachóir**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar fheidhm phraiticiúil **amháin** atá ag an meicníocht a thaispeántar.

**Teannasóir sreinge don fhálú / líontán taobh thiar de chuaillí CLG, líne éadaí, etc.**


*(4 + 4 mharc)*



| leathanach | iom. reatha |
| --- | --- |
| | |

**7.** Taispeántar san íomhá cairrín a bhrúnn leanbh atá deartha agus déanta ag an dearthóir Eilbhéiseach Wolfgang Sirch. Sa bhosca atá curtha ar fáil, déan sceitse dea-chomhréirithe 2T den chairrín nuair a bhreathnaítear air sa treo ina bhfuil saighead **A**.



(Sceitse an-mhaith – *8 marc*
Sceitse réasúnta – *4 mharc*)

**8.** Is éard atá in *Universal Design (Dearadh Uilíoch)* ná timpeallacht a dhearadh agus a chruthú ionas gur féidir le gach duine dul isteach inti agus í a thuiscint agus a úsáid a mhéid agus is féidir, beag beann ar aois, méid, cumas nó míchumas.

Luaigh **dhá** bhealach inar cuireadh prionsabail an Dearaidh Uilíoch san áireamh sa siúlbhealach a thaispeántar.



1. **Tá an bealach siúlóide leathan inrochtana do chathaoireacha rothaí**

2. **Tá an ráille láimhe oiriúnach d'úsáideoirí éagsúla, tá dathanna éagsúla ar an gcosán**

*(4 + 4 mharc)*

**9.** Taispeántar san íomhá bord agus raca irise comhcheangailte atá déanta as sraithadhmad.

(i) Mol **dhá** chúis gur adhmad oiriúnach é sraithadhmad le haghaidh an táirge seo a mhonarú.



1. **An-láidir/seasmhach**

2. **Solúbtha, etc.**

(ii) Ainmnigh **dhá** chlár mhonaraithe eile a úsáidtear go coitianta le haghaidh troscán a mhonarú.

1. **Slischlár**

2. **MDF a bhfuil veinír curtha air, etc.**

*(4 + 4 mharc)*

**10.** Taispeántar sa ghrafaic thall córas ríomhaire deisce.




Agus sampla amháin á thabhairt agat i ngach cás, mínigh cad is brí leis na téarmaí crua-earraí agus bogearraí agus tagairt á déanamh agat do chóras ríomhaire.

Crua-earraí: **Comhpháirteanna fisiciúla, i.e., máthairchlár, LAP, Monatóir, méarchlár, luchóg, etc.**

Bogearraí **Córais/Cláir Iarratais – Córais Oibriúcháin, táirgí bainistíochta comhad, próiseáil focal, etc.**

*(4 + 4 mharc)*

**11.** Taispeántar sa ghrafaic Dé-óid Astaithe Solais (LED), friotóir agus cadhnra atá i sraithcheangail i gciorcad..




(i) Cén t-ainm atá ar chois dheimhneach LED?

**Anóid**

(ii) Is é voltas (V) an chadhnra a thaispeántar ná 6 V. Is é an titim voltas (Vf) trasna an LED ná 2 V agus is é an sruth is mó (If) is féidir leis an LED a tharraingt ná 0.02 A. Ríomh íosluach an fhriotóra (R) atá ag teastáil chun an LED a chosaint.


**Nóta:** $R = \frac{V - Vf}{If}$

Ríomh:

$$\frac{6V - 2V}{0.02} = \frac{4V}{0.02} = 200\ \Omega$$

*(4 + 4 mharc)*

**12.** Bain úsáid as **dhá** theicníc ghrafacha chun feabhas a chur ar léiriú an bhoird a thaispeántar.



**Scáthú, dathú, scáil, haitseáil, etc.**

*(4 + 4 mharc)*

Leathanach Bán

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

*Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2019*

# Teicneolaíocht

## Gnáthleibhéal

# Scéim Mharcála

## Roinn B - Croíchúrsa (48 marc)

*Freagair an **dá** cheist.*

*Tá 24 marc ag gabháil le gach ceist i Roinn B.*

## Roinn C - Roghanna (80 marc)

*Freagair **dhá** cheann de na cúig rogha atá ann. Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist i Roinn C.*

# Roinn B - Croíchúrsa *Freagair Ceist 2 **agus** Ceist 3.*


***Ceist 2** - Freagair 2(a) **agus** 2(b)* *(a) - 10 marc, (b) - 8 marc, (c) NÓ (d) - 6 mharc*

***2(a)*** (i) Mínigh cad is brí leis an téarma CAD (sa Bhéarla).
**Dearadh Ríomhchuidithe – bogearraí a úsáideann innealtóirí/ailtirí chun críocha dearaidh, etc.**

(ii) Tá an chásáil le monarú trí phróiseas CAM amhail priontáil 3T a úsáid.
Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le próiseas CAM a úsáid chun an chásáil a mhonarú.
**Cruinneas, éifeachtúlacht, ardchaighdeán monaraithe, etc.**

*(10 Marc, 6+4)*

***2(b)*** Taispeántar sa ghrafaic an ciorcad braiteora teochta atá le hionchorprú san aláram.




(i) Agus úsáid á baint agat as an leabhrán *Foirmlí agus Táblaí* nó ar bhealach eile, ainmnigh an comhbhall **A**.
**Teirmeastar.**

(ii) Déan cur síos achomair ar oibríocht an chiorcaid sin.
**Nuair a dhúntar an lasc sreabhann sruth tríd an gciorcad.**
**Nuair a bhíonn sé fuar, bíonn friotaíocht ard sa teirmeastar agus sreabhann an sruth chun an trasraitheoir a chur ar siúl.**
**Agus an trasraitheoir ar siúl, buailfidh an dordánaí. Is féidir íogaireacht an chiorcaid a choigeartú leis an bhfriotóir inathraithe.**

(iii) Déan cur síos ar fheidhm **amháin** eile a bhaineann le ciorcad braiteora teochta.
**Aon sampla ábhartha le cur síos – Aláram sioc, cuisniú, oigheann, etc.**

*(8 Marc, 2+4+2)*

*Freagair 2(c) **nó** 2(d)*

***2(c)*** (i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chéim **ar bith** de Thimthriall Deming.
**Pleanáil – fadhbanna a aithint**
**Déanamh – réitigh fhéideartha a thástáil**
**Staidéar a dhéanamh – na torthaí a bhreithniú/scrúdú**
**Gníomhú – an réiteach is fearr a chur i bhfeidhm.**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** iarmhairt do chuideachta a mhonaraíonn earraí lochtacha.
**Costais deisithe/athsholáthair, damáiste don cháil, cásanna dlí féideartha in aghaidh an déantúsóra, etc.**

*(6 Mharc, 4+2)*

**NÓ**

***2(d)*** (i) I gcás **dhá** ghreamachán **ar bith** atá ainmnithe thuas, déan cur síos ar conas is cóir iad a úsáid nuair a bhíonn ábhair á nascadh.

Roisín eapocsach – **measc an méid den roisín agus den chruaiteoir atá de dhíth le chéile chun an próiseas cruaite a thosú. Cuir an greamachán measctha ar dhromchlaí na n-ábhar atá le nascadh le chéile.**
Greamachán teagmhála – **cuir an greamachán ar dhromchlaí an dá ábhar atá le nascadh le chéile. Nuair a bhíonn an greamachán tirim go leor le teagmháil a dhéanamh de, cuir an dá dhromchla le chéile.**

Stroighin leachtach thuaslagach – **úsáid forchuradóir agus cuir an stroighin ar an líne shiúntála idir an dá phíosa aicriligh atá le nascadh le chéile. Téachtann an greim i dtréimhse ghearr ama.**
Gliú APV – **cuir an greamachán ar dhromchlaí na n-ábhar atá le nascadh le chéile. Cuir brú ar an dá dhromchla go dtí go dtéachtann an greamachán.**

(ii) Luaigh **dhá** réamhchúram sábhailteachta is cóir a chomhlíonadh nuair a bhíonn greamacháin a n-úsáid.

**Úsáid cipín/forchuradóir gliú chun teagmháil leis an gcraiceann a sheachaint, aerú, etc.**

*(6 Mharc, 4+2)*

**Ceist 3** - *Freagair 3(a)* ***agus*** *3(b)* *(a) - 10 marc, (b) - 8 marc, (c) NÓ (d) - 6 mharc*

***3(a)*** (i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le teicneolaíocht fhíorúil a úsáid le haghaidh cuspóirí oideachasúla.

**Is féidir le VR cabhrú le daltaí coincheapa casta a thuiscint, tá sé atá oiriúnach do stíleanna difriúla foghlama, is féidir le daltaí teacht ar ábhar nach mbeadh ar fáil go héasca ar shlí eile, taitneamhach/nuálach, etc.**

(ii) Luaigh **dhá** fheidhm eile atá ag teicneolaíocht fhíorúil sa tsochaí.
**Cluichíocht, ionsamhlú VR i gcúram sláinte/iompar, siopadóireacht – turais fhíorúla ar shiopa, etc.**

*(10 Marc, 6+4)*

***3(b)*** (i) Ainmnigh ábhar oiriúnach le haghaidh mhonarú chuid **A**. Tabhair cúis le do fhreagra.
**Aon ábhar ábhartha bailí, e.g. cúrchlár dolúbtha PVC – éadrom, raon dathanna**

(ii) Mól **dhá chúinse** thábhachtacha is cóir a chur san áireamh nuair a bhíonn amharcóir VR á dhearadh lena chinntiú go bhfuil sé oiriúnach dá fheidhm.
**Tomhais antrapaiméadracha – e.g. áit a bhfuil na poill do na súile agus don tsrón, urrann don fhón, modhanna cóimeála do na páirteanna, etc.**



A

**(iii)** Agus nótaí agus sceitsí á n-úsáid agat, déan cur síos achomair ar conas a d'fhéadfaí amharcóir VR a mhonarú i seomra ranga Teicneolaíochta.
**Aon phróiseas ábhartha a ndéantar cur síos air, e.g. CAD/CAM a úsáid, etc.**

*(8 Marc, 2+2+4)*

*Freagair 3(c)* ***nó*** *3(d)*

***3(c)*** Taispeántar sa ghrafaic craein agus ualach á ardú aici.




(i) Ainmnigh an fórsa atá ag gníomhú ar chábla **X** le linn dó an t-ualach a ardú.
**Teannas.**

(ii) Ríomh an chumhacht más í an obair atá déanta ag an gcraein ná 18,000 Joules in 6 shoicind.

**Nóta:** Cumhacht = obair/am

**Cumhacht = 18,000/6 = 3,000 Joule**

*(6 Mharc, 2+4)*

**NÓ**

***3(d)*** (i) Luaigh **dhá** thoisc a chuireann leis an ardú ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa ar fud an domhain.
**Breoslaí iontaise a dhó don chumhacht/teas/iompar, táirgeadh talmhaíochta, róchaitheamh sa tsochaí i gcoitinne, etc.**



(ii) Mol **dhá** bhealach ar féidir an teicneolaíocht a úsáid chun ár dtimpeallacht a chosaint.
**Díriú ar phróisis/ábhair inbhuanaithe a úsáid, úsáid a bhaint as foinsí in-athnuaite fuinnimh, tithe níos cliste, monatóireacht comhshaoil, carranna leictreacha a úsáid, etc.**

*(6 Mharc, 2+4)*

# Roinn C - Roghanna *Freagair **dhá** cheann **ar bith** de na cúig rogha.*

*(a) – 10 marc, (b) – 20 marc, (c) NÓ (d) – 10 marc*

## Rogha 1 - Córais Rialaithe Fheidhmeacha - *Freagair 1(a) **agus** 1(b)*

***1(a)***



(i) Mol **dhá** bhuntáiste a bhaineann le bleánlann uathoibrithe a úsáid.
**Is féidir monatóireacht a dhéanamh ar tháirgeadh bainne, cinntíonn braiteoirí go bhfuil an bhleánlann an-sábháilte d'fheirmeoirí agus do bheostoc, níos lú saothair ag gabháil leis, etc.**


*(10 Marc, 6+4)*

(ii) Tabhair breac-chuntas achomair ar **dhá** fheidhm eile atá ag teicneolaíochta RFID.
**Dul chun cinn a dhéantar agus gluaisteán á tháirgeadh ar líne chóimeála a rianú, rianú agus bainistiú a dhéanamh ar fhardal, sócmhainní, daoine, etc.**

*1(b)* Taispeántar san íomhá córas geataí a bhogann eallach ó ionad coinneála go bleánlann. Tá mionsamhail den chóras seo á déanamh ag mac léinn agus tá sreabhchairt á dearadh ag an mac léinn chun a oibríocht a rialú.




(i) Críochnaigh an tsreabhchairt chun an geata a oibriú sa seicheamh seo a leanas:




(ii) Mol mionathrú ar an tsreabhchairt chun aláram a fhuaimniú le linn don gheata a bheith ag bogadh chun tosaigh.

**Aon réiteach malartach bailí ar bith eile.**

(iii) Ainmnigh braiteoir oiriúnach a d'fhéadfaí a úsáid chun a bhraith go bhfuil bó tar éis dul isteach san ionad coinneála
**Braiteoir infridheirg, gluaisne, brúlasc, etc.**





*(20 Marc, 8+6+6)*


*Freagair 1(c)* ***nó*** *1(d)*

***1(c)*** Taispeántar sna grafaicí na siombailí neomatacha do shorcóir déghníomhach (gníomhróir) agus do scóigchomhla.

(i) Mínigh conas a oibríonn sorcóir déghníomhach agus tagairt agat don ghrafaic a thugtar.
**Tá port ag an dá cheann den sorcóir déghníomhach. Gluaiseann an loine ar aghaidh agus ar ais ach an port a fhaigheann an t-aer ardbhrú a athrú.**



Sorcóir déghníomhach



Scóigchomhla

(ii) Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le scóigchomhla a úsáid i gcomhar le sorcóir déghníomhach.


**Is féidir scóigchomhla a úsáid chun sruth an aeir (luas) a rialú i dtreo amháin. Mar sin, is féidir feidhmiú na loine a rialú.**

*(10 Marc, 6+4)*

**NÓ**

***1(d)*** Tá tóir níos mó agus níos mó ar róbait leighis agus mháinliachta le blianta beaga.

(i) Luaigh bhuntáiste **amháin** agus míbuntáiste **amháin** a bhaineann le feistf róbatacha a úsáid le haghaidh máinliachta.
**Buntáiste: Beachtas/cruinneas, luas, laghdaítear earráidí daonna go mór , etc.**
**Míbhuntáiste: Cailltear deiseanna fostaíochta don fhoireann**



(ii) Mínigh cad is brí leis an téarma *éifeachtóir cinn* nuair atáthar ag tagairt do róbait amhail an róbat máinliachta a thaispeántar.
**Éifeachtóir cinn is ea forbhall a chuirtear ag deireadh na géige róbataí. Samplaí is ea ladhar mheicniúil, druil, gunna spraeála, etc.**

*(10 Marc, 6+4)*




*(20 Marc, 8+6+6)*

## *Rogha 2 - An Leictreonaic agus an Rialú - Freagair 2(a)* ***agus*** *2(b)*

*(a) – 10 marc, (b) – 20 marc, (c) NÓ (d) – 10 marc*

***2(a)*** (i) Agus tagairt agat don chábla a thaispeántar, mínigh an difríocht idir seoltóir agus inslitheoir.




**Ligeann seoltóirí don sruth sreabhadh tríothu go héasca e.g. sreang chopair. Cuireann inslitheoir cosc ar an sruth sreabhadh go héasca, e.g., insliú plaisteach thart ar shreang chopair.**

(ii) Luaigh dath na sreinge *beo* agus dath na sreinge *neodraí* sa chábla a thaispeántar.
**Beo: Donn, Neodrach: Gorm.** *(10 Marc, 6+4)*

***2 (b)*** (i) Ainmnigh lasc **A** agus lasc **B**.
**A: Pól Dúbailte Débhealaigh (DPDT),**
**B: Sá-lasc chun briste (PTB)**

(ii) Ciorcad mionathraithe léirithe





**(iii)** Is comhbhall polaraithe é LED.
Luaigh **dhá** bhealach chun catóid i LED a shainaithint.
**Catóid a aithint: Pionna níos giorra,**
**an pionna is giorra don imeall réidh den LED.**
**ilmhéadar a úsáid chun polaraíocht a dheimhniú.**

*(20 Marc, 6+8+6)*

*Freagair 2(c)* ***nó*** *2(d)*

***2(c)*** (i) Mínigh cad is brí leis an ngiorrúchán (Béarla) DC agus tagairt á déanamh agat do mhótar.
**SD: Sruth Díreach**





(ii) Agus tagairt agat don íomhá thall, tabhair breac-chuntas ar phrionsabal oibríochta mótair DC.

**Nuair a sholáthraíonn an ceallra sruth don armatúr, cruthaítear réimse maighnéadach. Toisc go bhfuil an t-armatúr suite laistigh de réimse maighnéadach an bhuanmhaighnéid (Státar),**
**bíonn fórsa a ndéantar cur síos air le riail na ciotóige i bhfeidhm ar an armatúr. Mar thoradh ar an idirghníomhaíocht seo idir réimsí maighnéadacha agus gluaiseacht cáithníní luchtaithe (na leictreoin sa sruth) bíonn torc lena gcastar an t-armatúr.**
**Bíonn an cómhalartán scoiltfháinne de dhíth chun a chinntiú go leanann an t-armúr ag casadh sa treo ceart agus ag an am ceart.**

**NÓ** *(10 Marc, 6+4)*

***2(d)*** Taispeántar sa ghrafaic ciorcad loighce.




(i) Ainmnigh na geataí loighce ag **X** agus **Y**.
**X: geata OR, Y: Geata AND**

(ii) Aimsigh luachanna do **a**, **b**, **c** agus **d** d'fhonn aschur deiridh de **1** ag **E** a fháil.

| A | B | C | D | E |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 0 | 1 | 1 | 1 |
| 0 | 1 | 1 | 1 | 1 |

*(10 Marc, 6+4)*

## ***Rogha 3 - Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide -*** *Freagair 3(a)* ***agus*** *3(b)*

*(a) – 10 marc, (b) – 20 marc, (c) NÓ (d) – 10 marc*



***3(a)*** (i) Mol **dhá** bhealach chun riosca na cibearbhulaíochta a íoslaghdú.

**Úsáid chúramach, gan cairdeas a dhéanamh le daoine nach bhfuil aithne agat orthu, ná freagair, etc.**

(ii) Luaigh sampla **amháin** de chalaois idirlín agus mol bealach cosanta **amháin** ina coinne.

**Fioscaireacht. Bí airdeallacha ar mhí-úsáid a bhaintear as seoltaí ríomhphoist/URLanna bréagacha, feistigh táirgí frithvíreas/slándála ar an ríomhaire, etc.**

*(10 Marc, 6+4)*

***3(b)*** (i) Mínigh cad is brí leis an téarma (Béarla) USB.

**Is comhéadan comhchoiteann é Bus Srathach Uilíoch (USB) a chuireann ar a chumas ríomhairí, gléasanna forimeallacha, gléasanna meán agus tiomántáin chrua sheachtracha, etc., cumarsáid a dhéanamh**

(ii) Pléigh **dhá** cheann **ar bith** de na buntáistf a luaitear ag ***3(b)*** thuas i dtaca le USB cineál-C.

**Traschur ard-bhandaleithid sonraí – suas le dhá oiread luas aistrithe USB 3 ag aschur físeáin 10 Gbps – le luasanna méadaithe aistrithe sonraí, is féidir físeán a bhrú thar an nasc céanna.**

**lucht – is féidir níos mó cumhachta a iompar ionas gur féidir iad a úsáid chun gléasanna níos mó amhail ríomhairí glúine a luchtú**

**dearadh siméadrach – mar go bhfuil sé in-aisiompaithe, tá sé níos éasca é a chur isteach sa ghléas**

(iii) Ainmnigh **dhá** fheiste ríomhaireachta a rachadh úsáid an chineáil seo nascóra chun tairbhe dóibh.

**Gléasanna stórála, ríomhairí glúine, stáisiún nasctha, ríomhairí táibléid, fóin chliste, etc.**

*(20 Marc, 8+6+6)*

*Freagair 3(c)* ***nó*** *3(d)*



***3(c)*** (i) Déan cur síos ar **dhá** sheirbhís ríomhaireachta atá ar fáil trí néalríomhaireacht.

**Ábhar a shábháil, bogearraí comhroinnte, sonraí a stóráil, seirbhísí ardáin, etc.**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar chúis go bhféadfadh sé **nach mbeadh** néalríomhaireacht ina rogha mhaith i gcúinsí áirithe.

**Slándáil sonraí, costas síntiúis, rochtain ar an idirlíon, etc.**

*(10 Marc, 6+4)*

**NÓ**

***3(d)*** (i) Tabhair breac-chuntas ar cén fáth go mb'fhéidir go mbeadh ar úsáideoir deiridh ceadúnas a cheannach chun clár bogearraí a úsáid.

**Tugann ceadúnas cead d'úsáideoir deiridh bogearra a úsáid go dlíthiúil gan cóipcheart a shárú, etc.**

(ii) Féadfar *ceadúnas aonair*, *ceadúnas il-úsáideoirí* nó *ceadúnas suímh* a úsáid i scoileanna. Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna go bhféadfadh sé nach mór ghá **dhá** cheann **ar bith** de na cineálacha ceadúnais sin a bheith ag scoil.

**Duine aonair – ní gá ach ceadúnas amháin a fháil, e.g., ceadúnas bogearraí CAD/CAM**

**Ilúsáideoir – ní gá ach líon sonrach ceadúnas a fháil, e.g., deich gceadúnas úsáideora do Circuit Wizard.**

**Ceadúnas Láithreáin – caithfidh go leor úsáideoirí an ceadúnas seo a úsáid, e.g., Microsoft Office do gach dalta i scoil**

*(10 Marc, 4+6)*

## ***Rogha 4 - Córais Déantúsaíochta*** - *Freagair 4(a)* ***agus*** *4(b)*

*(a) – 10 marc, (b) – 20 marc, (c) NÓ (d) – 10 marc*

***4(a)*** (i) Mínigh cad is brí leis an téarma 'tagarmharcáil'.

**Is éard atá i gceist le tagarmharcáil ná próiseas chun táirgí, seirbhísí nó próisis cuideachta a thomhas i gcomparáid le gnólacht iomaitheora, a mheastar a bheith ar n gceann is fearr sa tionscal**



(ii) Mol **dhá** fheabhsúchán a d'fhéadfaí a chur ar an bpacáistiú a thaispeántar san íomhá.

**Lipéadú, rogha ábhar le haghaidh pacáistiú, dearadh pacáistithe, etc.**

*(10 Marc, 6+4)*

***4(b)*** (i) Tabhair breac-chuntas ar conas is féidir leis 'an trealamh a úsáidtear' dul i bhfeidhm ar phróiseas na déantúsaíochta.

**Is dócha go mbainfear níos mó iontaofachta sa déantúsaíocht amach nuair a úsáidtear trealamh ardchaighdeáin, ní mór go mbeadh trealamh atá le húsáid oiriúnach don chuspóir, etc.**

(ii) Luaigh **dhá** chúis go mb'fhéidir go mbaileodh cuideachta táirgthe aiseolas ó chustaiméirí.

**Feidhmíocht próisis mhonaraíochta, riachtanais custaiméirí a aithint, anailís ar chaighdeán an táirge, etc.**

(iii) Tabhair breac-chuntas ar bhealach **amháin** a ndéanfadh cuideachta iarracht breis luacha a chur le táirge.

**Bain úsáid as amhábhair ardghráid, feabhsaigh dearadh an phacáistithe, uaireanta nuair a mhéadaítear costas táirge ceaptar go bhfuil caighdeán an táirge níos fearr, etc.**

*(20 Marc, 8+6+6)*

*Freagair 4(c)* ***nó*** *4(d)*

***4(c)***

**(i)** Déan cur síos go hachomair ar **dhá** bhealach chun obair foirne éifeachtach a chur chun cinn in eagraíocht.

**Comhoibriú níos fearr, soiléireacht faoi róil/fhreagrachtaí d'fhostaithe, cumarsáid éifeachtach, dreasachtaí do tháirgiúlacht, etc.**



(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste do chuideachta nuair a oibríonn a cuid oibrithe go héifeachtach.

**Brabúis mhéadaithe, níos lú coimhlinte/ gearán ó fhostaithe, feabhas ar cháil na cuideachta, etc.**

*(10 Marc, 6+4)*

**NÓ**

***4(d)*** (i) Tabhair breac-chuntas ar bhealach **amháin** ina bhféadfadh cuideachta a hacmhainn a mhéadú mar fhreagra ar éileamh méadaithe ar a cuid táirgí..

**Coinnigh amhábhair i dtaisce, méadaigh líon táirge a thairgtear, fostaigh fostaithe breise, etc.**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** iarmhairt do chuideachta a dteipeann go rialta freastal ar an éileamh ar a cuid táirgí.

**Brabús a chailleadh, dochar don cháil, d'fhéadfadh cásanna dlí a bheith ann, etc.**

*(10 Marc, 6+4)*

## ***Rogha 5 - Teicneolaíocht Ábhar*** - *Freagair 5(a)* ***agus*** *5(b)*

*(a) – 10 marc, (b) – 20 marc, (c) NÓ (d) – 10 marc*

***5(a)*** (i) Mínigh cad is brí leis an téarma 'leath-bhuan' agus tagairt á déanamh agat do mhodhanna siúntála.

**Is féidir siúntaí leathbhuana a bhaint ionas gur féidir na páirteanna comhcheangailte a dheighilt gan dochar a dhéanamh dóibh.**


(ii) Ainmnigh **dhá** mhodh leath-bhuana a úsáidtear go coitianta i ndéantúsaíocht tionscadail i seomraí ranga Teicneolaíochta.

**I measc na samplaí tá cnónna agus boltaí, scriúnna, seamanna, etc.** *(10 Marc, 6+4)*

***5(b)*** As plaisteach múnlaithe agus alúmanam atá an chathaoir rothaí déanta.

(i) Abair cén fáth a bhféadfaí plaisteach múnlaithe agus alúmanam a úsáid chun an chathaoir rothaí a mhonarú. **Plaisteacha múnlaithe: is féidir cruthanna éagsúla a tháirgeadh, úsáid éifeachtach ábhar, láidir, etc. Alúmanam: éadrom, frithsheasmhach in aghaidh creimeadh, in-athchúrsáilte, etc.**

(ii) Agus úsáid á baint agat as nótaí agus sceitsí, déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí nasc cuarach mhiotail **A** a mhonarú i gceardlann scoile.



**Druileáil na poill chun ceann an tsliotáin a mhúnlú. Druileáil sraith poll laistigh den bhearna.**

**Líomh go dtí na cuair, nó próiseas comhchosúil a ndéantar cur síos air.**

(iii) Is fabraic shintéiseach é Velcro™ a úsáidtear i monarú an táirge seo freisin. Ainmnigh **dhá** fhabraic eile a d'fhéadfaí a úsáid i monarú an táirge seo.

**Cadás, níolón, poileistear, etc.**

*(20 marc, 8+8+4)*

*Freagair 5(c)* ***nó*** *5(d)*

***5(c)*** (i) Pléigh cén fáth a bhfuil sé tábhachtach smaoineamh a dhéanamh ar conas a dhéantar táirge a dhiúscairt nuair a bhíonn a ré caite.

**An comhshaol a chosaint, sláinte daoine agus fiadhúlra a chosaint, roghanna athúsáide nó athchúrsála a mheas, etc.**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** rogha atá ar fáil nuair a bhíonn táirge amhail an chathaoir rothaí madra thuas á dhiúscairt.

**Uaschúrsáil a dhéanamh ar an bplaisteach múnlaithe chun táirge nua a dhéanamh, na rothaí a athúsáid,**

**an t-alúmanam a leá lena athúsáid, cnónna agus boltaí/scriúnna a athúsáid, loscadh nuair is gá agus ansin amháin, etc.**

*(10 Marc, 6+4)*

**NÓ**

***5(d)*** Taispeántar san íomhá samplaí de shlischlár amhail é siúd a úsáidtear go minic le haghaidh troscáin. Tá veinír curtha le dromchla gach painéil slischláir.

(i) Déan cur síos ar cad is brí leis an téarma 'veinír' agus tagairt agat d'ábhair.

**Ciseal tanaí maisiúil d'adhmad (nó plaisteach) a chuirtear ar tháirge garbh amhail slischlár, MDF, etc.**

(ii) Tabhair breac-chuntas go hachomair ar **dhá** chúis a n-úsáidtear cláir mhonaraithe go minic in ionad adhmaid i dtáirgeadh troscáin.

**Níos saoire, níos lú úsáide as adhmad crua, airíonna inmhianaithe amhail seasmhacht, neart, etc.**

*(10 Marc, 6+4)*

2019. M103P(T)
2019. M104P(T)

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

State Examinations Commission

*Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2019*

# Teicneolaíocht

## Coimrí Obair Chúrsa

*Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal*

*200 marc*

*Tá na Coimrí Téamacha do Scrúdú na hArdteistiméireachta 2019 le fáil thall.*

***Ní mór an Obair Chúrsa a bheith ar fáil le haghaidh measúnú faoi Dé hAoine 29 Márta 2019.***

# Teicneolaíocht na hArdteistiméireachta

## Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

### Treoracha d'iarrthóirí

1. Ní mór dhá chomhpháirt a bheith san obair chúrsa a chuirtear isteach le haghaidh measúnú:
    - fillteán dearaidh *agus*
    - déantúsán.

2. Más ar an nGnáthleibhéal a chuirtear isteach **ceachtar** den dá chomhpháirt le haghaidh measúnú (an scrúdú scríofa nó an obair chúrsa) is ar an nGnáthleibhéal a ghrádófar an t-ábhar.

3. Ní mór do scrúduimhir a bheith le feiceáil go soiléir ar an obair chúrsa go léir a chuirtear isteach le haghaidh measúnú.

4. **Do chuid oibre féin** a chaithfidh a bheith san obair chúrsa a chuirtear isteach le haghaidh measúnú agus ní mór í a chur i gcrích sa scoil faoi mhaoirseacht mhúinteoir an ranga.

5. Ní cóir d'obair chúrsa a thabhairt amach as an scoil **ar chúis ar bith** nó má thugtar d'fhéadfadh sé go n-áireofaí an obair chúrsa sin a bheith neamhbhailí.

6. Ba chóir go mbeadh taifead san fhillteán dearaidh ar gach céim de do chuid oibre agus ar conas a chomhlíonann an déantúsán an choimre théamach atá luaite.

7. Ní mór na foinsí taighde a úsáidtear, an tIdirlíon san áireamh, **a admháil**. Ní bhronnfar marc ar bith as ábhar taighde a chóipeáiltear go díreach ón Idirlíon nó ó fhoinsí ar bith eile agus a chuirtear i láthair mar do chuid oibre féin.

8. Ní mór go léireodh an obair chúrsa an t-eolas agus na scileanna a forbraíodh le linn do chuid staidéir ar an gcroíchúrsa agus ar na hábhair roghnacha a roghnaigh tú.

9. Ní mór na gnéithe tábhachtacha oibriúcháin uile den déantúsán a bheith le feiceáil go soiléir agus furasta le teacht orthu gan an déantúsán a bhaint as a chéile.

10. Aon áit a n-úsáidtear soláthar leictreachais chun an déantúsán a oibriú, ba chóir go mbeadh aschur íseal voltais aige. Aon áit a mbeidh gá le trealamh speisialaithe, ní mór duit féin é a shocrú suas, treoracha soiléire maidir lena oibriú a bheith leis, agus é a bheith réidh lena úsáid.

11. Ní mór an obair chúrsa a chuirtear isteach le haghaidh measúnú a chur ar taispeáint ar bhealach taitneamhach. Má dhéantar cur i láthair ilmheáin ní cóir go mairfeadh sé níos mó ná 3 nóiméad **ar a mhéid**, ba chóir don iarrthóir féin é a shocrú suas agus ní mór dó a bheith réidh le breathnú air.

**Ní mór an obair chúrsa a bheith ar fáil le haghaidh measúnú faoi Dé hAoine 29 Márta 2019.**

# An Ardteistiméireacht 2019 – Gnáthleibhéal

## Coimre Théamach

Is féidir go mbeadh tarlachtaintí aimsire neamhthuartha, neamhghnách, neamhshéasúrach nó anróiteach. Le blianta beaga anuas, tá méadú tagtha ar líon na n-áiteanna ina dtarlaíonn tarlachtaintí aimsire fíordhona den chéad uair.

Bíonn tionchar forleathan ag an aimsir ar ár saol. Is féidir go rachadh an aimsir i bhfeidhm ar na héadaí a chaithimid, na gníomhaíochtaí a phleanálaimid, na socruithe taistil a dhéanaimid agus na réamhchúraimí a fheidhmímid chun déileáil le fíor-dhroch-chúinsí aimsire.

Is féidir go gcomhlíonfadh teicneolachtaí ról tairbheach i ndéileáil leis an aimsir. Is cumas dóibh cuidiú i dtaca le monatóireacht, le réamhaisnéisiú agus le córais rabhaidh a ghníomhachtú,agus is cabhair iad chun an bheatha, slite beatha agus maoin a choinneáil slán.

*Sa chomhthéacs seo, dear agus déan mionsamhail oibríoch d'fheiste, de chóras nó d'áis a bheadh tairbheach mar fhreagairt do tharlachtaint aimsire i gcomhthéacs roghnaithe agat féin.*

*Bain usáid as ábhair agus as teicneolaíochtaí nua-aimseartha. Ba chóir córas leictreonach agus/nó córas meicniúil a bheith ionchorpraithe i do mhacsamhail agus ba chóir go gcuirfí an mhionsamhail i láthair go slachtmhar.*

**Nóta:** Níor cheart an toise is mó ar an déantúsán a chuireann tú isteach le haghaidh measúnaithe a bheith níos mó ná 500 mm.
Má bhaineann tú úsáid as cur i láthair ilmheáin chun cur le maise do thaispeántais, ní mór cóip chrua agus comhad digiteach (méaróg USB) a chur isteach i d'fhillteán.

Tá an obair chúrsa ag an nGnáthleibhéal ualaithe mar seo a leanas:

- Fillteán Dearaidh - 40% de na marcanna
- Déantúsán - 60% de na marcanna

Iomlán - 200 marc

| **Fillteán Dearaidh – Gnáthleibhéal – 80 marc** | | | |
|---|---|---|---|
| ***Uimh.*** | ***Ceannteideal*** | ***Cur Síos*** | ***Marc*** |
| 1 | Anailís, taighde agus imscrúdú | Anailís ar an gcoimre théamach. Taighde ar an réimse roghnaithe. Anailís ar réitigh atá ann cheana féin. | 10 |
| 2 | Bainistíocht fhoriomlán an tionscadail | Anailís ar na hacmhainní atá ar fáil, ar na laincisí ama agus buiséid; an tréimhse ama atá beartaithe, etc. | 5 |
| 3 | Tionchar ar an imshaol | Tionchar na n-ábhar agus na bpróiseas táirgeachta; úsáid an táirge; oiriúnacht don athúsáid/athchúrsáil. | 5 |
| 4 | Smaointe dearaidh agus roghnú an réitigh is fearr | Sceitsí **saorláimhe** agus nótaí leo a rianaíonn trí cinn de na réitigh fhéideartha.<br>An réiteach is fearr aitheanta agus cosaint leis sin. | 10 |
| 5 | Sceitsí agus líníochtaí don déantúsaíocht | Sceitsí agus líníochtaí mionsonraithe agus nótaí leo ar a n-áirítear gach cuid/gné den réiteach; léaráidí ciorcaid/ sreabhchairteacha/mionsamhlacha/fréamhshamhlacha/toisí/ scála/sonraí cóimeála. | 15 |
| 6 | Pleanáil na táirgeachta | Liostaí d'ábhair agus de pháirteanna; sceidealú, struchtúr na hanailíse oibre, costáil. | 10 |
| 7 | Cur i gcrích an táirge | Ord na déantúsaíochta ar a n-áirítear fianaise fhótagrafach. | 15 |
| 8 | Measúnú agus tástáil | Tástáil in aghaidh na coimre roghnaithe. Measúnú an déantúsáin deiridh. Comparáid idir na sceidil a pleanáladh agus na sceidil oibre féin. Mionathruithe a mholtar agus cosaint leis sin. | 5 |
| 9 | Cur i láthair agus TFC | An cur i láthair san ord ceart.<br>Caighdeán an ábhair a chuirtear i láthair.<br>Scileanna TFC i dtáirgeadh an fhillteáin. | 5 |

| **Déantúsán - Gnáthleibhéal - 120 marc** | | | |
|---|---|---|---|
| ***Uimh.*** | ***Ceannteideal*** | ***Cur síos*** | ***Marc*** |
| 1 | An déantúsán ag teacht leis an téama & leis na sonraíochtaí | Comhlíonann an réiteach a chuirtear i láthair an choimre théamach agus na sonraíochtaí. | 15 |
| 2 | Cruthaitheacht | Cruthaitheacht sa dearadh, san aeistéitic agus san eirgeanamaíocht.<br>Úsáid chruthaitheach chuí bainte as na hábhair. | 15 |
| 3 | Scileanna táirgeachta | Próiseáil na n-ábhar.<br>Cóimeáil na n-ábhar agus na gcomhpháirteanna.<br>Raon agus doimhneacht na scileanna. | 30 |
| 4 | Feidhmiúlacht | Oibríonn an déantúsán go maith.<br>Úsáid oiriúnach/theoranta bainte as páirteanna/réitigh tráchtála. | 30 |
| 5 | Caighdeán agus bailchríoch | Déantúsaíocht d'ardchaighdeán.<br>An déantúsán críochnaithe go maith.<br>An aird chuí tugtha ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta. | 20 |
| 6 | Cur i láthair | An obair chúrsa curtha i láthair go maith.<br>Na páirteanna comhtháite go maith agus lipéadaithe mar ar cuí. | 10 |

**Nóta:** ***Cé go bhfanfaidh na ceannteidil agus na marcanna ginearálta thuas mórán mar an gcéanna ó bhliain go bliain, d'fhéadfaí iad a bhriseadh anuas ar bhealaí éagsúla, ag brath ar an gcoimre a bheadh ann.***

Leathanach Bán